Nuair a iarrtar air é sin a dhéanamh, is féidir le BCI treoir ginearálta a sholathar maidir le forálacha an Chóid. Iarrtar ar pháirtithe leasmhara a bhfuil treoir á iarraidh acu breac-chuntas a thabhairt ar a gceist i scríbhinn, agus an t-alt/na haltanna ábhartha de Chód Ginearálta Fógraíochta BCI á lua acu. Ba chóir doiciméadú ábhartha, ar nós na scrípte beartaithe, a bheith i dteannta na ceiste scríofa.

Tá sé mar aidhm ag BCI freagairt tráthúil a sholáthar faoi aon cheist a fhaigheann sé. D'fhéadfadh, áfach, nach ionann an t-am is gá le próiseáil a dhéanamh ar aon cheist áirithe, ag braith ar nádúr agus ar chastacht na ceiste. Tabhair faoi deara nach bhfuil an treoir a chuireann BCI ar fáil ina cheangal agus nach soláthraítear é ach chun cabhrú le craoltóirí agus le páirtithe eile an Cód a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm. Ní ghlacann BCI le haon fhreagracht nó dlíteanas maidir le haon treoir a d'fhéadfadh a bheith tugtha aige agus coimeádann sé chuige féin an ceart aon treoir a sholáthraítear a athchóiriú agus a athbhreithniú.

Is é an 10ú Aibreán dáta éifeachtach an Chóid.

1. Cuspóirí Chód Ginearálta Fógraíochta BCI

- Lena chinntiú gur féidir leis an bpobal muinín a bheith acu go bhfuil cumarsáid tráchtála (i.e. fógraíocht, urraíocht agus teilesiopadóireacht agus cineálacha eile cur chun cinn tráchtála) de réir an dlí, macánta, fíor agus cuibhiúil.
- Lena chinntiú nach gcuireann cumarsáid tráchtála isteach ar ionraiceas eagarthóireachta craolachán.
- Le treoir shoiléir a sholáthar do chraoltóirí maidir leis na caighdeáin a chloífidh cumarsáid tráchtála leo.
- Le treoir a sholáthar don phobal i gcoitinne maidir leis na caighdeáin gur féidir leo a bheith ag súil leo ó chumarsáidí tráchtála ar sheirbhísí craolacháin.

- Le cód simplí, solúbtha agus cuimsitheach a sholáthar do chraoltóirí nach gcuirfidh bac gan údarás ar a gceart teachtaireachtaí tráchtála chraobhscaoileadh.

2. Sainmhínte

Cumarsáid Tráchtála

Aon chineál fógra ar an raidió nó ar an teilifís a thagann laistigh de thréithe aitheanta na fógraíochta, na hurraíochta, na teilesiopadóireachta agus aon chineál eile cur chun cinn tráchtála.

Fógraíocht

Aon chineál fógra a chraolann gnóthas poiblí nó príobháideach ar son íocaíochta nó ar son comaoine dá leithéid nó chun é fein a chur chun cinn maidir le ceard, gnó nó gairm chun soláthar earraí nó seirbhísí a chur chun cinn, lena n-áirítear sealúchas do-aistrithe, nó cearta agus oibligeáidí, ar son íocaíochta.

Páiste/Páistí

Chun críocha an Chóid seo, baineann na téarmaí 'Páiste' agus 'Paistí' le haon duine faoi bhun 18 bliana d'aois.

Urraíocht

Aon ranníocaíocht a dhéanann gnóthas poiblí nó príobháideach nach bhfuil gníomhach i ngníomhaíochtaí craolacháin teilifíse agus/nó raidió nó i léiriú saothair chlosamhairc, do mhaoiniú clár teilifíse agus/nó raidió agus é mar aidhm acu a ainm, a thrádmharc, a íomhá, a ghníomhaíochtaí, a tháirgí nó a sheirbhísí a chur chun cinn.

Fógraíocht mhíthreorach

Fógraíocht ina mbíonn aon ghné de chur i láthair amhairc nó ráite a thugann míthreoir nó gur dócha go dtabharfaidh sé míthreoir bíodh sé sin go díreach nó trí impleacht, maidir le fiúntas an tairge nó na seirbhíse fógraithe nó cé chomh oiriúnach is atá sé don fheidhm atá á moladh agus gur dócha go ndéanfaidh sé dochair, de bharr a nádúr míthreorach, do leasa dhaoine anair nó iomaitheora.

Fógraíocht chomparáideach

Fógraíocht ina mbíonn iomaitheoir nó earraí nó seirbhísí atá á dtairiscint ag iomaitheoir curtha in aithne go follasach nó go hintuigthe.

Fógraíocht rúnda

Léiriúcháin i bhfocail nó i bpictiúir d'earraí nó de sheirbhísí ainm, trádmarc nó gníomhaíochtaí tairgeora nó soláthróra seirbhísí i gcláir nuair a bhíonn fógraíocht i gceist le léiriúchán den chineál sin agus go bhféadfadh sé míthreoir a thabhairt don phobal maidir lena nádúr. Meastar go bhfuil a leitheid de léiriú déanta d'aon ghnó, más ar son íocaíochta nó ar son comaoine dá leitheid a dhéantar é.

Fógraíocht fothairseachúil

Fógraíocht ina mbíonn aon chineál feiste teicniúil a bhaineann, trí íomhánna ar thréimhsí an-ghairid nó trí aon mhodh eile, feidhm as an bhféidearthacht teachtaireacht a sheoladh chuig, nó ar bhealach éigin eile tionchar a bheith aici ar intinn lucht éisteachta i ngan fhios nó beagnach i ngan fhios dóibh céard a rinneadh.

Teilesiopadóireacht

Tairiscintí díreacha craolta don phobal agus é mar aidhm earraí a dhíol, a cheannach, a thabhairt ar cíos nó a sholáthar nó seirbhísí a sholáthar lena n-áirítear sealúchas do-aistrithe, cearta agus oibligeáidí, ar son íocaíochta.

Láithriú Earraí

Earra nó seirbhís a chur isteach nó tagairt a dhéanamh d'earra nó do sheirbhís, laistigh de chlár ar son íocaíochta nó ar son comaoine dá leitheid do dhéantóir an chlár nó don chraoltóir agus é mar chuspóir an earra nó an tseirbhís sin a chur chun cinn.

Fógraíocht fhíorúil

Teicníc fógraíochta a chuireann ar chumas craoltóra fógráin fógraíochta nó fógraí urraíochta fíorúla a chur isteach go leictreonach i gclár teilifíse trí an comhartha craolacháin é féin a athrú.

Fógraíocht idirghníomhach

Teicníc fógraíochta chuireann ar chumas an té atá ag faire idirghníomhú a dhéanamh leis an teilifís trí an t-ábhar fógraíochta a roghnú go gníomhach gur mian leis/léi a bheith nochtaithe dó pé chomh fada agus is mian leis/léi. Cuireann fógraíocht idirghníomhach ar chumas an té atá ag faire faisnéis a sholáthar go díreach don chraoltóir/fógróir trí bhealach fillte, agus/nó rannpháirtíocht a bheith acu i gcomhshaol idirghníomhach atá ar leith ó ábhar an chraolacháin.

Fógraíocht Scáileáin Scoilte

Teicníc fógraíochta a ligeann cur i láthair comhuaineach d'ábhar eagarthóireachta agus d'fhaisnéis tráchtála tarlú ar an scáileán céanna, roinnte ina dhá chuid nó i níos mó codanna.

Eisiatacháí:

Ní áirítear mar fhógraíocht na fógraí seo a leanas:

- Fógraí faisnéiseacha mar gheall ar chlár atá ag teacht aníos ar seirbhís craolacháin, dáta agus am tarchuir an chlár/na gclár ainmnithe san áireamh, agus sliochta ‘réamhbhlaiseadh’ agus cur síos gairid ar ábhar an chlár san áireamh freisin, an fhad is nach mbíonn aon ábhar fógraíochta iontu.
- Am ar an aer ar tugadh saor in aisce d’aon charthanacht chlárithithe le hachainíocha a dhéanamh.
- Fógraí seirbhíse poiblí lena n-áirítear foláirimh mar gheall ar shabháilteacht agus sláinte poiblí, nach gcaoltar iad ar son íocaíochta nó ar son comaoine dá leithéid.
- Fógraí faisnéise faoi cheolchoirmeacha, ceadail nó léirithe sa toadhcháí, bíodh sé i gceist iad a chraoladh nó gan iad a chraoladh, a thugann an Ceolfhoireann Náisiúnta, Ceolfhoireann Ceolchoirme RTÉ, agus aon ghrúpaí léirithe eile de chuid RTÉ nó aon ghrúpaí eile dá leithéid atá fostaithe ag nó faoi chonradh ag

RTÉ nó fostaithe nó faoi chonradh ag conraitheoir craolacháin fuaime nó ag soláthróir chonradh seirbhís chlár teilifíse ceadúnaithe sa stát.

- Fógraí faoi imeachtaí craoladh seachtracha nó imeachtaí neamhchraoladh a eagraíonn an craoltóir ar fad nó i bpáirt iad má bhíonn cead saor in aisce isteach ag an bpobal.

Is féidir leis an gcaoltóir creidiúint a thabhairt don ghnólacht a sholáthraíonn áiseanna, mar shampla an asraon a sholáthraíonn na háiseanna don chraoladh seachtrach, ag tús agus/nó ag deireadh an chlár ar bhonn faisnéiseach.

I gcás imeachtaí neamhchraoladh a eagraíonn an craoltóir i gcomhpháirt le gnólacht amháin nó níos mó, is féidir leis an gcaoltóir creidiúint a thabhairt do chomhuraí/do na comhurráithe i bhfógraí a chraoltar iad.

Sa dá chás sin, ní mór d’admhálacha urraíochta na rialacha urraíochta atá sa chód seo a chomhlíonadh

3. Prionsabail ghinearálta agus rialacha a bhaineann le gach cumarsáid tráchtála

An Duine Aonair agus an Sochaí a Chosaint

- 3.1 Ní mór gach cumarsáid tráchtála a ullmhú le braistint freagrachta don tsaoránach agus don tsochaí agus caithfidh nach ndéanfaidh sé dochair do leas cheachtar acu sin. Ní mór do gach cumarsáid tráchtála a bheith de réir an dlí, macánta, cuibheasach agus fíor.
- 3.1.1 Caithfidh gach cumarsáid tráchtála cloí le reachtaíocht na hÉireann agus na hEorpa mar a bhaineann. Áirítear leis sin, ach níl sé teoranta do, *an tAcht um Údarás Craolacháin, 1960, an Treoir Television Without Frontiers, an tAcht Raidió agus Teilifíse, 1988, an tAcht Craolacháin, 2001* agus Treoir Chomhairle na hEorpa 97/36/EC (*Television Without Frontiers Directive*).
- 3.1.2 Ní bheidh aon ghné de léiriú labhartha nó amhairc a thugann míthreoir nó gur dócha go dtabharfadh sé míthreoir, i gcumarsáid tráchtála, bíodh sé sin go díreach nó in impleacht, le gníomh nó trí easnamh, maidir le buanna an táirge nó na seirbhíse atá á chur chun cinn nó maidir lena oiriúnacht don chuspóir atá á mholadh.
- 3.1.3 Ní bheidh éilimh, ráitis, pictiúirí nó léiriúcháin míchruinn nó míthreoracha i gcumarsáid tráchtála, bíodh siad sin go díreach nó le himpleacht.
- 3.1.4 Ní fhágfaidh cumarsáid tráchtála faisnéis ábhartha ar lár, ar chaoi a bheidh míthreorach nó gur dócha go mbeidh sé míthreorach, mar thoradh. Ciallaíonn sé sin go gcaithfear na mionsonraí cuí ar fad a rá go soiléir agus go sothuigthe.

- 3.1.5 Ní bhréagnóidh aon séanadh nó faisnéis le réiltín nó i bhfonóta gnéithe níos suntasaí den teachtaireacht agus ba chóir iad a shuiteáil agus a chur i láthair sa chaoi is go mbeidh siad go soiléir le feiceáil agus/nó le clos.
- 3.1.6 Aon chumarsáidí tráchtála a bhfuil ceanglas orthu líne ceangailte nó teachtaireacht ar-scáilean a iompar ní mór dóibh é sin a dhéanamh ar bhealach atá le feiceáil agus/nó le clos go soiléir
- 3.1.7 Ní mór do chraoltóirí a bheith aireach maidir leis an bhféidearthacht atá ag maisíochtaí fuaimne cur as agus/nó scanradh a chur ar lucht féachana agus ar éisteoirí. Ní mór cúram ar leith a ghlacadh nuair a chuirtear maisíochtaí fuaimne ar nós bonnáin, adharca, fóin ag bualadh agus boinn ag scréachaíl isteach i gcumarsáid tráchtála. Ná cuirtear isteach iad ag tús cumarsáide tráchtála.
- 3.1.8 Ceadaítear cumarsáid tráchtála ina mbíonn comparáidí díreacha nó le himpleacht ar an gcoinníoll go ndéanann sí comparáid oibiachtúil idir tháirgí nó seirbhísí a fhreastlaíonn ar na riachtanais céanna nó go bhfuil an cuspóir céanna i gceist acu. Ba chóir go mbeadh pointí comparáide bunaithe ar fhíricí ar féidir iad a chruthú. Níor chóir go roghnófaí ábhar comparáide sa tslí is go dtabharfaidh sé buntáiste bréige nó míchothrom do thionscnóir seirbhíse nó táirge.

Déistin, Dochair agus Dínit an Duine

- 3.2 Ní dhéanfaidh cumarsáid tráchtála dochair do dhínit an duine, ní dhéanfaidh siad díobháil nó ní bheidh siad ina n-údar déistíne tromchúiseach nó forleathan.

- 3.2.1 Ní thacóidh cumarsáid tráchtála le haon idirdhealú i gcoinne aon duine nó aon chuid den phobal, ach go háirithe ar bhonn aoise, inscne, stádas pósta, gur duine den Lucht Siúil atá i gceist, stádas teaghlaigh, claonadh gnéis, míchumas, cine nó reiligiún nó ní thabharfaidh siad cúlcheadú dó sin.
- 3.2.2 Ní bheidh cumarsáid tráchtála ina húdar déistine do chreidimh reiligiúnda nó polaitiúla, nó ní spreagfaidh sí iompraíocht a dhéanfaidh dochair do chosaint an chomhshaoil nó don sláinte nó do shábháilteacht.
- 3.2.3 Déanfar sceidealú oiriúnach ar chumarsáidí tráchtála maidir le hamanna a gcráladh, an cineál cláir, an cineál cainéil/seirbhíse, an cineál tairge/seirbhíse atá á chur chun cinn agus comhdhéanamh dóchúil an lucht féachana/éisteachta.
- 3.2.4 Ní dhéanfaidh cumarsáidí tráchtála díobháil mhorálta nó fisiciúil do pháistí, agus dá bhrí sin comhlíonfaidh siad na critéir seo a leanas chun páistí a chosaint:
- Ní thabharfaidh siad spreagadh díreach do pháistí tairge nó seirbhís a cheannach trí mhí-úsáid a bhaint as a n-easpa taithe nó as a saontacht.
 - Ní thabharfaidh siad spreagadh díreach do pháistí áiteamh a dhéanamh ar a dtuismitheoirí nó daoine eile na hearraí nó na seirbhísí atá á bhfógairt a cheannach.
 - Ní bhainfidh siad mí-úsáid as an iontaoibh speisialta atá ag páistí as a dtuismitheoirí, a múinteoirí nó as daoine eile.
 - Ní thaispeánfaidh siad gan chúis páistí i gcúinsí dáinséaracha.

Bainfidh na rialacha seo le gach cumarsáid tráchtála seachas iadsan atá rialaithe ag *Cód Fógraíochta BCI i leith Páistí*.

- 3.2.5 Go hiondúil ní léireofar daoine aonair atá beo i gcumarsáid tráchtála gan a gcead a fháil nó ní dhéanfar tagairtí dóibh. Is féidir go hiondúil, áfach, tagairtí a dhéanamh i gcumarsáid tráchtála i gcomhair leabhair, scannáin, cláracha raidió nó teilifíse, nuachtáin, iriseáin etc. ina léirítear na daoine ar tagraíodh dóibh sa chumarsáid, an fhad is nach bhfuil na tagairtí déistineach nó míchruinn.
- 3.2.6 Ní bheidh sé mar sprioc ag cumarsáid tráchtála eagla gan bharántas a spreagadh sa té atá ag faire nó san éisteoir.

Follasacht

- 3.3 Oibreoidh cumarsáid tráchtála ar phrionsabal na follasachta. Má bhíonn aon socrú tráchtála laistigh de chlár ní mór dó sin a bheith so-aitheanta agus ní mór an éisteoir/an lucht féachana a chur ar an eolas maidir lena leithéid de shocrú.
- 3.3.1 Ní fhógróidh láithreoirí nó pearsanra eile ar an aer tairgí nó seirbhísí nó ní thabharfaidh siad tacaíocht do thairgí nó do sheirbhísí le linn ábhar an chláir.
- 3.3.2 Ní dhéanfaidh fógróirí nó lucht urraithe aon tionchar eagarthóireachta a imirt ar ábhar clár.
- 3.3.3 Níl bheidh na focail 'ráth' nó 'ráthaithe', 'baránta' nó 'faoi bharánta' i gcumarsáid tráchtála, muna mbíonn barántas dlíthiúil ar fáil don chraoltóir agus don cheannaitheoir. Ní cead d'aon chumarsáid tráchtála tagairt díreach nó trí impleacht a bheith iontu a thugann le fios go mbaineann sé de nó go laghdaíonn sé cearta reachtúla nó de réir gnáth-dhlí an cheannaitheora.

- 3.3.4 Is ceadmhach do chumarsáidí trachtála feidhm a bhaint as teistiméireachtaí. Beidh teistiméireachtaí den chineál fíor agus comhaimseartha agus beidh baint acu leis an duine atá ag tabhairt na teistiméarachta. Ní mór fianaise doiciméadach i leith teistiméarachtaí a chur ar fáil do chraoltóirí.
- 3.3.5 Ní dhéarfadh cumarsáid trachtála go bhfuil tairgí nó seirbhísí ‘saor in aisce’ muna soláthraítear na tairgí nó na seirbhísí sin gan aon chostas nó gan aon chostas breise (seachas fíor-phostas nó carraeireacht) don fhaighteoir.
- 3.3.6 Ní thaispeánfaidh cumarsáid trachtála daoine a chuireann cláir nuachta i láthair go rialta, ach amháin i leith cumarsáid trachtála seirbhíse poiblí a chuireann chun cinn feachtais a bhaineann le sábháilteacht, sláinte, oideachas, etc.
- 3.3.7 Tá toirmeasc ar an gcleachtas ar a dtugtar suíomh tairgí.

Tá tagairtí teagmhasacha do thairgí nó do sheirbhísí dlisteanach nuair is féidir seasamh eagarthóireachta a dhéanamh maidir lena gcur isteach. Cinnteoidh craoltóirí nach mbíonn suntasacht mhíchuí á thabhairt do tháirge nó do sheirbhís le linn an chláir mar thoradh ar a gcur isteach.

I gcás na teilifíse, ní mheastar gur suíomh tairgí atá i gceist le tairgí nó seirbhísí ar cuireadh isteach i gclár iad a fuarthas ó lasmuigh de Phoblacht na hÉireann agus ní mheastar gur suíomh tairgí atá i gceist le scannáin a rinneadh iad don

phictiúrlann an fhaid is nach mbaineann aon chraoltóir rialaithe sa stát agus a raibh baint acu le craoladh an chláir nó an scannán sin leas díreach as an tsocrú.

Measúnú

- 3.4 Déanfar measúnú ar chumarsáidí trachtála agus tagairt á dhéanamh do na prionsabail agus na rialacha atá sa chód seo. Tá na prionsabail doroinnte, ‘sé sin le rá nach mór do gach cumarsáid trachtála cloí leis na prionsabail ar fad.

Ba chóir do chraoltóirí fios a bheith acu ar fhorálacha uilig an Chóid, toisc go bhféadfaí go mbeadh ceanglas ar chumarsáid trachtála foráil amháin nó níos mó ná foráil amháin ábhartha a chomhlíonadh.

- 3.4.1 Déanfar measúnú ar chumarsáidí trachtála ina n-iomlán agus i gcomhthéacs i gcoinne na prionsabail agus na rialacha atá sa Chód seo. Bainfear feidhm as na tosca comhthéacsúla seo a leanas:

- Am an chraoladh
- An cineál cláir
- An cineál cainéil/seirbhíse
- Nádúr an táirge nó na seirbhíse
- An comhdhéanamh is cosúil a bheidh ar an lucht éisteachta a bheidh ag éisteacht leis an gclár nó ag faire air.

- 3.4.2 Tá sé i gceist an Cód a chur i bhfeidhm ó thaobh ábhair agus brí de.

4. Na rialacha ginearálta a bhaineann leis an bhfógraíocht ar fad

Ba chóir do chraoltóirí a bheith ar an eolas go bhfuil an chomhréir ama ceadaithe a thugtar don bhfógraíocht faoi réir uasteorainneacha agus go bhfuil sí rialaithe ag forálacha reachtúla agus eile.

- 4.1 Oibreoidh fógraíocht de réir phrionsabal na scarúna sa chaoi is go mbeidh ábhar tráchtála i sosanna fógraíochta idir agus le linn clár ar leith ón ábhar cláir.
- 4.2. Ní chuirfidh ionsá fógraíochta isteach ar ionracas na heagarthóireachta ná ar luach cláir. Déanfar ionsá ar fhógráin i gcláir ar chaoi a chuireann san áireamh sosanna nádúrtha, faid agus gné an chláir, agus ag cinntiú ag an am céanna nach ndéantar dochair do chearta na gceartsealbhóirí.
- 4.3 I gcás príomhscannáin agus scannáin ar rinneadh iad don teilifís, an fhaid is go mbíonn a bhfaid ama de réir an sceidil níos faide ná 45 nóiméidí is féidir briseadh a ionsá iontu uair amháin i ngach tréimhse iomlán de 45 nóiméidí. Tá sé ceadmhach briseadh sa bhreis a chur isteach má tá a bhfaid de réir an sceidil ar a laghad 20 nóiméidí níos faide ná dhá thréimhse iomlán de 45 nóiméidí nó níos mó.
- 4.4 Maidir le cláir teilifíse seachas na cinn atá luaite i 4.3 thuas, caithfidh tréimhse de 20 nóiméidí a bheith caite idir gach briseadh leanúnach laistigh den chlár.
- 4.5 Ní dhéanfar fógraíocht a ionsá in aon chraoladh de sheirbhís reiligiúnda.
- 4.6 Ní dhéanfar fógraíocht a ionsá an aon chraoladh teilifíse de chláir nuachta nó cúrsaí reatha, cláir faisnéise nó cláir reiligiúnacha má bhíonn fad de réir an sceidil níos giorra na 30 nóiméad acu.
- 4.7 I gcráolacháin teilifíse, beidh fógraíocht ar leithlis i gcónaí ina heisceacht.
- 4.8 Cuirfear sosanna fógraíochta in iúl ar mhódh amhairc nó cloiste. Ní ceadmhach do mhodh dá leithéid aon chumarsáid tráchtála a bheith ann.
- 4.9 Tá toirmeasc ar gach ceann acu seo a leanas:
 - Fógraíocht faoi cheilt
 - Fógraíocht fhotháirseachúil
 - Fógraíocht mhíthreorach
- 4.10 Ní mór do chraoltóirí gach beart atá réasúnta a dhéanamh lena chinntiú nach bhfuaimíonn fógráin níos airde ná na cláir atá cóngarach dóibh. Ba chóir do chraoltóirí teorainneacha a bhunú ar úsáid chomhbhrú, teorannú agus cothromú ar fhógráin mar a bhaineann siad sin le fógráin a sholáthraítear iad do chraoltóirí ó thríú pháirtithe.

5. Rialacha a bhaineann le teicnící sonracha fógraíochta

5.1 Fógraíocht Scáileáin Scoilte

- 5.1.1 Bainfidh na prionsabail agus na rialacha ginearálta a bhaineann le gach cumarsáid tráchtála agus, mar is ábhartha, na rialacha ginearálta a bhaineann leis an bhfógraíocht ar fad, le fógraíocht scáileáin scoilte.
- 5.1.2 Ceadáitear fógraíocht scáileáin scoilte le linn sosanna nádúrtha agus le linn creidiúintí deiridh. Is ceadmhach fógraíocht scáileáin scoilte a ionsá le linn clár spóirt d'fhoirm fhada nach mbíonn sosanna nádúrtha iontu, e.g. Rásaíocht Fhoirmle 1.

- 5.1.3 Ní ceadmhach d'fhógraíocht scáileáin scoilte a bheith os cionn 50% den spás scáileáin agus ní ceadmhach ach d'fhógrán amháin a bheith á thaispeáint ar an scáileán ag an aon am faoi leith.
- 5.1.4 Ní cheadaítear fógraíocht scáileáin scoilte i gclár nuachta nó cúrsaí reatha, cláir do leanaí, príomhscannáin nó craolacháin de sheirbhísí reiligiúnda.

5.2 Fógraíocht Fhíorúil

Bainfidh na prionsabail agus na rialacha ginearálta a bhaineann le gach cumarsáid tráchtála agus, mar is ábhartha, na rialacha ginearálta a bhaineann leis an bhfógraíocht ar fad, le fógraíocht fhíorúil.

5.3 Fógraíocht Idirghníomhach

- 5.3.1 Bainfidh na prionsabail agus na rialacha ginearálta a bhaineann le gach cumarsáid tráchtála agus, mar is ábhartha, na rialacha ginearálta a bhaineann leis an bhfógraíocht ar fad, le fógraíocht idirghníomhach.
- 5.3.2 Ní thabharfaidh fógraíocht idirghníomhach an lucht faire láithreach/díreach go dtí na táirgí nó na seirbhísí atá á bhfógairt. Ní mór rabhadh a thabhairt don té atá ag faire trí mhodhanna oiriúnacha optúla/ fuaimiúla go bhfuil siad ar tí gabháil isteach i gcomhshaol tráchtála idirghníomhach nach bhfuil rialaithe ag *Cód Ginearálta Fógraíochta BCI*. Ba chóir é sin a dhéanamh le scáileán fógraíochta idirmheánach a thaispeántar leis an gcéad gliogáil, agus ní féidir leis an té atá ag faire rochtain a fháil ar an gclár idirghníomhach ach amháin tar éis an dara gliogáil.
- 5.3.3 Ní ceadmhach d'fhógraíocht idirghníomhach an té ata ag faire a thabhairt láithreach/díreach go cumarsáid tráchtála do tháirgí nó seirbhísí a bhfuil toirmeasc orthu de réir an Chóid seo.

6. Na rialacha a bhaineann le teilesiopadóireacht

Ba chóir go mbeadh a fhios ag craoltóirí go bhfuil an comhréir ama a cheadaítear i gcomhair na teilesiopadóireachta faoi réir uasteorainneacha agus go bhfuil sí rialaithe ag forálacha reachtacha agus eile.

- 6.1 Bainfidh na prionsabail agus na rialacha ginearálta a bhaineann le gach cumarsáid tráchtála agus, mar is ábhartha, na rialacha ginearálta a bhaineann leis an bhfógraíocht ar fad, leis an teilesiopadóireacht.
- 6.2 Caithfidh deighleoga fógraíochta tiomnaithe don teilesiopadóireacht a bheith ar fhad gan bhriseadh de 15 nóiméidí ar a laghad i gcás cainéil *nach bhfuil tiomnaithe don teilesiopadóireacht amháin*. Ocht ndeighleog a bheidh mar uasmhéid in aon lá amháin. Ní rachaidh an fhaid fhoriomlán thar trí uair an chloig sa lá. Ní mór iad a aithint go soiléir mar dheighleoga teilesiopadóireachta trí mhodhanna oiriúnacha optúla agus fuaimiúla.
- 6.3 Bainfidh Caibidil I, II, IV, VIa agus VII den *Television Without Frontiers Directive* le cainéil tiomnaithe don teilesiopadóireacht amháin.
- 6.4 Tá teilesiopadóireacht a thaispeánann cógais leighis a bhfuil Ceadúnas Údaraithe Tairge de dhíth orthu agus teilesiopadóireacht do chóireálacha agus do sheirbhísí leighis agus do chóireálacha agus seirbhísí cosmaideacha toirmisce.
- 6.5 Ní spreagfaidh teilesiopadóireacht páistí chun conartha a dhéanamh d'earraí agus seirbhísí a cheannach nó a fháil ar chíos.

7. Na rialacha a bhaineann leis an Urraíocht

- 7.1 Is féidir leis an urraíocht tarlú nuair a dhéanann an urraitheoir maoiniú díreach a sholáthar nó trí infheistíocht chomhchineáil trí sholáthar áiseanna nó seirbhísí ón urraitheoir (e.g. craoltaí seachtracha) nó trí sholáthar tairgí agus seirbhísí, lena n-áirítear duaiseanna.
- 7.2 Ní ceadmhach don urraíocht a bheith ionann agus mar atá fógraíocht mar a shainmhínítear í sa Chód seo. Ní dhéanfaidh fógraí urraíochta tagairtí tionscnaimh i leith tairgí agus/nó seirbhísí an urraitheora a mbíonn cóip fógraíochta, cur síos fada ar thairgí nó spreagadh chun gníomhaíochta iontu. Ní ceadmhach praghasanna a lua ach amháin nuair a bhíonn sé riachtanach de réir reachtaíochta.
- 7.3 Ní ceadmhach d'urraitheoir (urraitheoirí) a bhfuil baint acu le déanamh nó soláthar earra nó seirbhís nach ceadmhach é a fhógairt de réir an Chóid seo urraíocht a dhéanamh ar ábhar cláir.
- 7.4 Ní ceadmhach d'urraitheoir (urraitheoirí) urraíocht a dhéanamh ar ábhar cláir nach ceadmhach dá n-earraí nó seirbhísí a bheith mealltach do lucht féachana tipiciúil an chláir sin nó nach mbeadh cead aige/acu fógraíocht a dhéanamh le linn an chláir sin.
- 7.5 Níl sé ceadmhach urraíocht a dhéanamh ar chláir nuachta, cúrsaí reatha nó reiligiúnda ar an teilifís.
- 7.6 Níl sé ceadmhach urraíocht a dhéanamh ar chláir nuachta ar an raidió.

Comórtais

- 7.7 Ach amháin má chuirtear a mhalairt in iúl san alt seo, comhlíonfaidh comórtais na rialacha urraíochta sa chuid seo.
- Tá sé ceadmhach d'fhógraí faoi chomórtais cur síos gairid fíriciúil i leith duaiseanna a bheith iontu ach ní bheidh cead acu cóip fógraíochta, formhuinthe, tréithe nó spreagadh chun gníomhaíochta a bheith iontu.
- Ní bheidh sé ceadmhach ábhar fógraíochta a bheith san áireamh leis an mheicníocht a baintear faidhm aisti le páirt a ghlacadh sa chomórtas i.e. faisnéis faoi céard a chaithfidh an breathnóir nó an t-éisteoir a dhéanamh le cur isteach air agus/nó an duais a bhuachan.
- I gcás go mbíonn gné airgeadúil ag duais e.g. dearbhán, is féidir a luach a lua. Níl sé ceadmhach, áfach, phraghasanna a lua ach amháin i gcás go mbíonn sé riachtanach de réir reachtaíochta iad a lua.

8. Rialacha a bhaineann le tairgí agus seirbhísí sonracha

8.1 Alcól

- 8.1.1 Ní cheadófar do chumarsáidí tráchtála do dheochanna meisciúla tomhaltas mí-chuíosach d'alcól a spreagadh nó ní cheadófar dóibh dearcadh diúltach i leith séanadh nó measarthachta a chur in iúl.
- 8.1.2 Níl sé ceadmhach do chumarsáid tráchtála do dheochanna meisciúla a chur in iúl go bhfuil cáilíochtaí teireapacha ag alcól nó gur spreagthach, támhachán nó suaimhneasán atá ann nó gur modh é chun coimhlintí pearsanta a réiteach.

- 8.1.3 Ní chuirfidh cumarsáid tráchtála do dheochanna meisciúla béim ar an méid alcóil atá iontu mar cháilíocht dearfach de na deochanna sin.
- 8.1.4 Ní chruthóidh cumarsáid tráchtála do dheochanna meisciúla an tuairim go gcuireann tomhaltas na ndeochanna sin le mealltacht ghnéasúil, nó le rath nó le rath sóisialta.
- 8.1.5 Ní cheanglóidh cumarsáid tráchtála do dheochanna meisciúla ól alcóil le feabhsú ar ghníomhaíocht fhisiciúil nó ar thiomáint.
- 8.1.6 Ní cheadaítear cumarsáid tráchtála do dheochanna ina bhfuil méid alcóil de 25% AbV nó níos mó e.g. vodca, fuisce, tequila etc.
- 8.1.7 Ní dhíreofar cumarsáid tráchtála do dheochanna meisciúla go sonrath ar pháistí nó, ach go háirithe, ní léireofar páistí iontu ag ól na deochanna sin.
- 8.1.8 Ní ceadmhach do chumarsáidí tráchtála daoine óga nó daoine eile nach n-ólann a spreagadh chun tosú ag ól – caithfidh gur chun branda a dhíol agus a aithint a dhíreofar iad.
- 8.1.9 Déanfaidh craoltóirí cinnte de nach ndéanfar cumarsáid tráchtála do dheochanna meisciúla a tharchur le linn nó cóngarach do chláir atá dírithe go príomhach ar lucht féachana/lucht éisteachta óg agus cuirfidh siad san áireamh próifíl aoise an lucht féachana agus/nó lucht éisteachta lena chinntiú go ndéanann siad cumarsáid, chomh fada agus is féidir, le daoine fásta.
- 8.1.10 Ní cheadaítear cumarsáid tráchtála do thairgí réidh len' ól (RTD) ar nós mianraí meisciúla agus tairgí den chineál sin.

- 8.1.11 Cloifidh gach cumarsáid tráchtála leis na cóid cleachtais toilteanacha ábhartha a aithníonn an *Roinn Sláinte agus Páistí* i leith fógraíocht raidió agus teilifíse d'alcól.

8.2 Leigheasanna, Cóireálacha, Táirgí agus Seirbhísí Leighis agus Cóireálacha agus Seirbhísí Coismaideacha.

Rialacha Ginearálta

- 8.2.1 Cloifidh Cumarsáid Tráchtála a thagann laistigh de scóip an chuid seo den Chód leis an reachtaíocht ábhartha Éireannach agus Eorpach ar fad.
- 8.2.2 Ní chuirfear moltaí i gcumarsáid tráchtála ó ghairmithe sláinte nó moltaí ó dhaoine a d'fhéadfadh, mar gheall ar a gcáil, moladh a thabhairt go mbainfí úsáid as leigheasanna, cóireálacha, tairgí agus seirbhísí leighis agus/nó cóireálacha agus seirbhísí coismaideacha.

Ní chuirfear ráitis i gcumarsáid tráchtála a thugann le fios gur comhairle nó moladh próifisiúnta atá ann ó dhaoine a léirítear iad sa chumarsáid tráchtála agus a léirítear iad, nó a léirítear trí impleacht iad mar dhaoine atá cáilithe lena leithéid sin de chomhairle nó moladh a thabhairt.
- 8.2.3 Ní dhéanfaidh cumarsáid tráchtála tagairt d'ospidéal, clinic, coláiste, institiúid, saotharlann nó aon chomhlacht eile den chineál sin ach amháin má bhíonn foras bona fide a fhreagraíonn don chur síos a tugtar ann i ndáiríre. Ní dhéanfar aon tagairt do dhochtúirí ach amháin más féidir tagairt den chineál sin a dhéanamh go cuibheasach i gcomhthéacs na cumarsáide tráchtála.

- 8.2.4 Ní cheadaítear do chumarsáidí tráchtála focail ar nós “sábháilte”, “gan riosca”, “neamhdhíobhálach” nó téarmaí ag a bhfuil an brí céanna a úsáid gan bharántas agus gan idirdhealú. Chomh maith leis sin, ní cheadaítear éilimh áibhéileacha, ach go háirithe trí theistiméireachtaí nó fianaise eile a roghnú nach dtugann léiriú fíor ar éifeachtachas leigheasanna, cóireálacha, táirgí agus seirbhísí leighis agus cóireálacha agus seirbhísí coismaideacha.
- 8.2.5 Ní cheadaítear cumarsáid tráchtála i gcomhair leigheasanna, cóireálacha, táirgí agus seirbhísí leighis agus cóireálacha agus seirbhísí coismaideacha a bhfuil sé i gceist acu cóireáil a chur ar ghalair tromchúiseach, gearáin, riochtaí nó siomptóim ar chóir go bhfaighidís aireachas chleachtóra cláraithe leighis.
- 8.2.6 Ní cheadaítear cumarsáid tráchtála ina mbíonn tairiscintí diagnóis a dhéanamh nó cóireáil a chur ar aon ghearán tromchúiseach, riocht nó siomtóm nó galar trí chomhfhreagras.
- 8.2.7 Ní cheadaítear é a bheith i gceist ag chumarsáid tráchtála scanradh a chur ar bhreathnóir nó ar éisteoir go bhféadfadh sé/sí, gearán, riocht, siomtóm nó galar a fhuilaint gan chóireáil, nó go bhfulaingeidís níos measa gan chóireáil.
- 8.2.8 Ní dhéanfaidh aon chumarsáid tráchtála éileamh nó cur in iúl bréagach go bhfuil an leigheas, cóireáil, táirge nó seirbhís leighis, nó cóireáil nó seirbhís cosmaideach atá á chur chun cinn insan chruth ina tharlaíonn sé go nádúrtha nó gurb é an príomh-bhua atá aige gur táirge “nádúrtha” é.

8.2.9 Ní chuirfear chun cinn, go díreach nó go hindíreach, go mbainfí feidhm neamhriachtanach, gan idirdhealú, agus/nó iomarcach as leigheasanna, cóireálacha, táirgí agus seirbhísí leighis agus cóireálacha agus seirbhísí coismaideacha.

8.2.10 Ní cheadaítear tagairtí a dhéanamh do dhuais, do chomórtas nó do scéim den chineál sin i gcumarsáid tráchtála do leigheasanna, cóireálacha, táirgí agus seirbhísí leighis agus cóireálacha agus seirbhísí coismaideacha.

Leigheasanna

8.2.11 Ní mór do chumarsáidí tráchtála na rialacha ginearálta a bhaineann le cumarsáid tráchtála do leigheasanna, cóireálacha, táirgí agus seirbhísí leighis agus cóireálacha agus seirbhísí coismaideacha a chomhlíonadh. Cloifidh siad freisin le téarmaí aon Cheadúnas Údaraithe Táirge, lena n-áirítear an Achoimre ar Thréithe Táirge, mar atá eisithe ag *Bord Leigheasra na hÉireann* nó ag an *gCoimisiún Eorpach*. Beidh cumarsáid tráchtála geilliúlach d’aon rialacha nó rialacháin ábhartha eile a eisiúnn *Bord Leigheasra na hÉireann* nó an *Coimisiún Eorpach* agus do reachtaíocht na hÉireann agus na hEorpa.

Cóireálacha agus Seirbhísí Cosmaideacha (Máinliachta agus Neamh-máinliachta)

8.2.12 Comhlíonfaidh cumarsáid tráchtála do chóireálacha agus seirbhísí cosmaideacha máinliachta agus neamh-máinliachta na rialacha ginearálta a bhaineann le cumarsáidí tráchtála do leigheasanna, cóireálacha, táirgí agus seirbhísí leighis agus cóireálacha agus seirbhísí coismaideacha.

8.2.13 Tá sé ceadmhach do chumarsáidí tráchtála do chóireálacha agus do sheirbhísí mainliachta cosmaideacha seoladh sholáthróir na seirbhíse agus cur síos fríciúil ar na seirbhísí atá ar fáil a bheith iontu ach ní bheidh aon rud iontu a d'fhéadfaí a rá faoi gur spreagadh é leis an gcóireáil nó an tseirbhís a úsáid. Ní cheadaítear faisnéis a thugann mionsonraí maidir le tairiscintí speisialta, lascainí, tagairtí d'áiseanna creidmheasa atá ar fáil nó aon tairiscintí tionscantacha eile a bhfuil sé i gceist acu cóireálacha nó seirbhísí den chineál sin a chur chun cinn.

Hipneois, hipniteiripe, siceolaíocht, síocanailís nó síciatracht

8.2.14 Ní mór do chumarsáidí tráchtála i gcomhair hipneois, hipniteiripe, siceolaíocht, síocanailís nó síciatracht cloí leis na rialacha ginearálta a bhaineann le cumarsáidí tráchtála do leigheasanna, cóireálacha, táirgí agus seirbhísí leighis agus cóireálacha agus seirbhísí coismaideacha.

8.2.15 Is ceadmhach do chumarsáidí tráchtála den chineál sin seoladh sholáthróir na seirbhíse agus cur síos fríciúil ar na seirbhísí atá ar fáil a bheith iontu ach ní bheidh aon rud iontu a d'fhéadfaí a rá faoi gur spreagadh é leis an gcóireáil nó an tseirbhís a úsáid. Ní cheadaítear faisnéis a thugann mionsonraí maidir le tairiscintí speisialta, lascainí, tagairtí d'áiseanna creidmheasa atá ar fáil nó aon tairiscintí tionscantacha eile a bhfuil sé i gceist acu cóireálacha nó seirbhísí den chineál sin a chur chun cinn.

8.3 Cabhair chun Éirí as Tabac a Chaitheamh

I gcás chumarsáidí tráchtála do tháirgí nó do sheirbhísí a mhaíonn go gcabhraíonn siad le daoine éirí as tabac a chaitheamh, caithfidh siad a thaispeáint go soiléir nach

bhfuil an chabhair sin éifeachtach ach amháin i gcompháirt le cur i bhfeidhm dearfach neart tola an tomhaltóra.

8.4 Bia (deochanna san áireamh)

8.4.1 Cloifidh cumarsáid tráchtála ina mbeidh éilimh i leith sláinte agus cothú le reachtaíocht ábhartha na hÉireann agus na hEorpa ar fad agus le rialacha, rialachain agus cóid cleachtais a eiseoidh na húdaráis inniúlacha atá freagrach as an reachtaíocht sin a chur i bhfeidhm, ó am go ham, *Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann* ach go háirithe.

8.4.2 Ní ceadmhach do chumarsáidí tráchtála d'fhoirmle naíonán a chur in iúl, go díreach nó trí impleacht, gur fearr an táirge sin ná beathú cíche agus ba chóir dóibh neamhoiriúnacht an táirge sin do naíonáin níos óige ná sé mhí d'aois a thaispeáint go soiléir.

8.5 Táirgí Cosmaideacha

Cloifidh cumarsáid tráchtála do tháirgí cosmaideacha le reachtaíocht ábhartha na hÉireann agus na hEorpa ar fad.

8.6 Cóireálacha, Táirgí agus Seirbhísí Tanúcháin

8.6.1 Ní cheadaítear aon tairiscint de chóireáil, táirge nó seirbhís i gcomhair tanúcháin (i.e. laghdú, teorannú nó rialú meáchan) i gcumarsáid tráchtála:

- gur dócha go mbeidh droch-thorthaí leis mar rud ann féin;
- nach bhfuil baint díreach aige le biachlár a bhfuil dearadh ceart air;
- nach ndeireann go soiléir an chaoi a mbainfear amach an tanú.

8.7 Seirbhísí agus Táirgí Airgeadais

- 8.7.1 Ní mór do gach cumarsáid tráchtála do sheirbhísí agus táirgí airgeadais an tairiscint nó seirbhís airgeadais a chur i láthair i dtéarmaí nach bhfuil míthreorach, bíodh sé sin trí áibhéil a dhéanamh, trí easnamh a dhéanamh nó ar aon bhealach eile.
- 8.7.2 Ní mór do chumarsáidí tráchtála do sheirbhísí agus do tháirgí airgeadais cloí leis an reachtaíocht ábhartha Éireannach agus Eorpach agus leis na rialacha, rialúcháin agus cóid cleachtais a eisíonn na húdaráis inniúlacha atá freagrach as an reachtaíocht sin a chur i bhfeidhm, ó am go ham, *Údarás Rialála Seirbhísí Airgeadais na hÉireann agus Oifig an Stiúrthóir Ghnóthaí Tomhaltóirí* ach go háirithe.

8.8 Seirbhísí Gealltóireachta

- 8.8.1 Tá cumarsáid tráchtála a mbíonn sé mar sprioc aici seirbhísí a chur chun cinn dóibh sin gur mian leo gealltóireacht a dhéanamh inghlactha.
- 8.8.2 Tá sé ceadmhach do chumarsáidí tráchtála den chineál sin seoladh sholáthróir na seirbhíse agus cur síos firiciúil ar na seirbhísí ar fáil a bheith iontu ach ní bheidh aon rud iontu a d'fhéadfaí a chur ina leith gur spreagadh é chun gealltóireacht a dhéanamh. Ní cheadaítear faisnéis a thugann mionsonraí de thairiscintí speisialta, lascaí nó aon tairiscintí; spreagadh agus/nó cuireadh cuairt a thabhairt ar aon bhunaíocht gealltóireachta (lena n-áirítear laithreáin ar-líne), tagairtí do na corrlaigh atá ar fáil nó aon tairiscint tionscnaimh

eile a bhfuil sé i gceist aici úsáid sheirbhísí den chineál sin a spreagadh.

8.9 Seirbhísí Teileachumarsáide ar Ard-Ráta

- 8.9.1 Ní mór do chumarsáidí tráchtála do sheirbhísí Teileachumarsáide ar ard-ráta na táillí ar fad a bhaineann le rochtain a fháil ar na seirbhísí sin a rá go soiléir i dtéarmaí nach bhfuil míthreorach, bíodh sé sin trí áibhéil a dhéanamh, trí easnamh a dhéanamh nó ar aon bhealach eile.
- 8.9.2 Comhlíonfaidh gach cumarsáid tráchtála an Cód Cleachtais eisithe ag Rialaitheoir Sheirbhísí Teileachumarsáide ar Ard-Ráta (Regtel) mar a leagtar síos iad ó am go chéile.

8.10 Mná nó Fir Feasa, Seirbhísí Síceacha etc.

- 8.10.1 Níl cumarsáidí tráchtála do mhná nó fir feasa, seirbhísí síceacha etc. inghlactha ach amháin nuair atá sé soiléir gur i gcomhair feidhmeanna siamsaíochta amháin atá siad agus go mbíonn sé sin soiléir sa chumarsáid.
- 8.10.2 Ní cheadaítear éilimh a deir gur féidir ócáidí sa todhchaí a thuar, seachas i dtuairim dhuine.
- 8.10.3 Ní cheadaítear éilimh gur féidir teagmháil a dhéanamh le daoine atá marbh.
- 8.10.4 Ní cheadaítear éilimh a bhaineann le cúrsaí sláinte, leigheasanna, leigheas agus/nó íoc.

9. Cumarsáid Toirmisce

Anuas ar na haicmí eile de chumarsáidí tráchtála, tá na cinn a thagann laistigh de ghné aitheanta nó a bhaineann go sonrach leis an méid seo a leanas, neamhinghlactha:

- Táirgí, cóireálacha nó seirbhísí nach bhfuil ar fáil ach amháin ar oideas leighis.
- Toitíní agus tabac.
- Foirmle do naíonáin.
- Fógraí atá dírithe ar sprioc pholaitiúil acu nó a bhfuil baint ar bith acu le díospóid thionsclaíoch.
- Fógraí atá dírithe ar sprioc reiligiúnda. Ní fhorléifear an méid sin mar ní a chuireann toirmeasc ar chraoladh fhógra go bhfuil:
 - i) nuachtán, iriseán nó tréimhseachán áirithe reiligiúnda ar díol nó á sholáthar, nó

- ii) go dtarlóidh aon ócáid nó searmanas a bhaineann le haon reiligiún áirithe

muna dtugann an méid atá sa bhfógra aghaidh ar cheist an fhiúntais nó eile cloí le haon chreideamh reiligiúnda nó ballraíocht a ghlacadh in aon reiligiún nó eagraíocht reiligiúnach.

Ba chóir go mbeadh craoltóirí ar an eolas go bhfuil aicmí eile de chumarsáidí tráchtála toirmisce nó teoranta nó go gcuireann forálacha reachtúla nó rialacháin sriantaí orthu. Tá liosta neamh-iomlán de na forálacha sin san Aguisín leis an gCód seo.

10. Aguisín

Seo a leanas liosta neamh-iomlán den phríomh-reachtaíocht gur féidir léi fógraíocht in Éirinn a theorannú nó a rialú nó gur féidir léi tionchar eile a bheith aici ar an bhfógraíocht. Is mar threoir amháin atá an liosta seo agus tá sé go hiomlán ina ábhar do gach duine na forálacha ábhartha reachtach a d'fhéadfadh a bheith bainteach i ngach cás.

Reachtaíocht Craolacháin

An tAcht Craolacháin, 2001.

An tAcht um Údarás Craolacháin, 1960.

An tAct um Údarás Craolacháin (Leasú), 1966.

An tAct um Údarás Craolacháin (Leasú), 1976.

An tAct um Údarás Craolacháin (Leasú), 1979.

An tAcht um Údarás Craolacháin (Leasú), 1993.

An tAcht Craolacháin agus Raidió-Theileagrafaíochta, 1988.

An tAcht Raidió agus Teilifíse, 1988.

Reachtaíocht Náisiúnta Eile

An tAcht Uchtála, 1952.

An tAcht um Leigheasanna Ainmhithe, 1993.

Rialacháin Leigheasanna Ainmhithe (Rialú ar Díol) 1985-1991 (I.R. 258/1985, I.R. 244/1991).

Acht um Gheall-Chur, 1931.

An tAcht Cumann Foirgníochta, 1989 mar atá leasaithe ag Acht na bliana 2006.

Central Bank and Financial Services Authority of Ireland Act, 2003.

Achtanna an Bhainc Ceannais 1942-1948.

Achtanna um Scrúdóireacht Scannán, 1923-1992.

Achtanna um Chinsireacht Fhoilseachán, 1929-1965.

Rialacháin um Chinsireacht Fhoilseachán 1980 (I.R. 292/1980).

An tAcht um Gháinneáil ar Leanaí agus Pornagrafaíocht Leanaí, 1998.

Achtanna na gCuideachtaí, 1963-2004.

An tAcht um Chreidmheas do Thomhaltóirí, 1995.

An tAcht um Chreidmheas do Thomhaltóirí, 1995 (Alt 28) Rialacháin, 1996.

An tAcht um Fhaisnéis do Thomhaltóirí, 1978.

Ordú um Fhaisnéis do Thomhaltóirí (Fógrán do Léirithe Ceolchoirme nó Amharclainne), 1997.

Ordú um Fhaisnéis do Thomhaltóirí (Fógráin) (Nochtú Leas Gnó), 1984.

Ordú um Fhaisnéis do Thomhaltóirí (Aertháilí), 2000.

Ordú um Fhaisnéis do Thomhaltóirí (Earraí Ilghnéitheacha) (Marcáil), 1984.

An tAcht Cóipchirt, 1963.

Copyright and Related Rights Act 2000, mar atá leasaithe.

An tAcht um Chomhar Creidmheasa 1997.

An Bille um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise), 2001.

An tAcht um Chosaint Sonraí, 1988.

Acht Tora Déiríochta, 1924.

An tAcht um Chlúmhilleadh 1961.

An tAcht Cosanta, 1954.

An tAcht um Gníomhaireacht Fostaíochta, 1971.

Rialacháin i leith Gníomhaireachtaí Fostaíochta, 1972-1993.

Achtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998 agus 2004.

Achtanna um Chearrbhachais agus Crannchuir, 1956-1979.

An tAcht um Shainmharcáil 1981.

Rialacháin Sláinte (Bia i gcomhair Feidhmeanna Cothaitheacha ar leith), 1991.

Achtanna Fruilcheannaigh 1946 agus 1960.

Fruilcheannach agus Díol Creidmheasa (Ordú Fógraíochta), 1961.(I.R. 183/1961).

An tAcht Maoine Tionscail agus Trachtála (Cosaint), 1961.

An tAcht Taighde Tionscail agus Caighdeán, 1961.

An tAcht um Idirghabhálaithe Infheistíochta, 1995.

Achtanna Ceadúnúcháin 1833 go 2004.

An tAcht um Chúiteamh d'Infheisteoirí, 1998.

Na Rialacháin um Ullmhóidí Leighis (Fógraíocht) 1993 agus 1996 (I.R. 76/1993, I.R. 308/1996).

Na Rialacháin um Ullmhóidí Leighis (Bileoga Lipéadaithe agus Pacáistithe) 1993-1999 (I.R. 71/1993, I.R. 440/1994, 187/1999).

Na Rialacháin um Ullmhóidí Leighis (Ceadúnú, Fógraíocht agus Díol) 1984-1994 (I.R. 210/1984, I.R. 347/1989, I.R. 70/1993, I.R. 439/1994).

Na Rialacháin um Ullmhóidí Leighis (Oideas agus Rialú Soláthar) 2003 (I.R. 540/2003).

Na Rialacháin um Ullmhóidí Leighis (Ceadúnú agus Díol) 1998 (I.R. 142/1998).

Achtanna Marcanna Earraí Ceannaíochta, 1887-1970.

An tAcht Méadreolaíochta 1996.

Acht na nlasachtaithe Airgid, 1933.

Achtanna Bainne agus Déirithe, 1935, agus 1956.

An tAcht um Thrádáil Ocaídeach, 1979, mar atá leasaithe ag An Acht Corr-Thrádála 1995.

Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

Acht na Radharcmhastóirí 1956 agus 2003.

Package Holidays and Travel Trade Act, 1995.

Acht na bPaitinní, 1992.

Achtanna Praghsanna, 1958-1972.

Ordú um Phraghsanna agus Táilli (Ráitis cáin-iniatacha) 1973.
Achtanna Sláinte Poiblí (Tobac) 2002 agus 2004.
An tAcht Stuaic-Dhíola, 1972.
Achtanna Croise Deirge, 1938 go 1954.
An tAcht um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí, 1980.
Rialacháin Aturnaetha (Fógraíocht), 1996 (I.R. 351/1996).
Na hAchtanna Aturnaetha 1954-2002.
An tAcht um Stocmhalartáin, 1995.
An tAcht um Tháirgí Tabac (Fógraíocht, Coimircíocht Agus Spreagadh Díolachán a Rialú), 1978.
Rialacháin um Tháirgí Tabac (Fógraíocht, Coimircíocht Agus Spreagadh Díolachán a Rialú) 1991-2000 (I.R. 326/1991, I.R. 215/2000).
Achtanna um Thrácht Cuartaíochta, 1939 mar atá leasaithe ag Achtanna na mblianta 1957, 1966 agus 1970.
Achtanna na dTrádmharcanna 1996.
Na hAchtanna um Bainc Thaisce Iontaobhas, 1989 agus 2001.
An tAcht um Iontaobhais Aonad 1990.
Na Rialacháin um Bainistiú Dramhíola (Trealamh Leictreach agus Leictreonach) 2005 (I.R. 340/2005).

Ceartha

An tAcht um Chlúmhilleadh, 1961.
An tAcht um Stádas Comhionann 2000 go 2004.
An tAcht um Chomhionannas 2004.
An tAcht fán gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine 2003.
An tAcht um Thoirmeasc ar Ghríosú chun Fuatha, 1989.

Reachtaíocht bunaithe san Eoraip

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (CE) uimh. 2200/96 mar atá leasaithe ag 2699/2000 agus Rialachain na gComhphobal Eorpach (Torthaí agus Glasraí) 1997 (I.R. 122/1997).

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Údarú, Cur ar an margadh, Feidhm agus Rialú Tairgí Cosanta Plandaí) 2003 mar atá leasaithe (I.R.83/2003).

Rialacháin um Thráchtáil Leictreonach (Treoir 2000/31/CE) (I.R. 68/2003).

Rialachain na gComhphobal Eorpach (Sainmhíniú, Tuairisciú agus Tíolacadh Biotáille) 1995 (I.R. 300/1995).

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Definition, Description and Presentation of Aromatised Wines, Aromatised Wine-Product Cocktails) 1998 (I.R. 254/1998).

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Aicmiú, Pacáistiú agus Lipéadú Lotnadicídí) 1994 (I.R. 138/1994).

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Aicmiú, Pacáistiú agus Lipéadú Táirgí Cosanta Plandaí Agus Táirgí Bithicídeacha) 2001 (I.R. 624/2001).

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Co-operation between National Authorities Responsible for the Enforcement of Consumer Protection Laws) 2006 (I.R. 290/2006).

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Táirgí Cosmaideacha) 1997-2006 (I.R. 87/1997, I.R. 213/1998, I.R. 150/2000, I.R. 203/2007, I.R. 373/2006).

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Distance Marketing) of Consumer Financial Services Regulations 2004 (I.R. 853/2004).

Rialacháin na gComhphobal Eorpach
(Distance Marketing) of Consumer Financial
Services) (Leasú) 2005 (I.R. 63/2005).

Rialacháin na gComhphobal Eorpach
(Food Supplement) 2003 (I.R. 539/2003).

Rialacháin na gComhphobal Eorpach
(Infant Formulae and Follow-on Formulae)
1998 go 2000 (I.R. 243/1998, I.R. 446/2000).

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Lipéadú.
Tíolacadh agus Fógairt Ábhair Bhia) 2000 agus
2002 (I.R.92/2000, I.R. 483/2002).

Creat-Rialacháin na gComhphobal Eorpach
(Árachas Saoil) 1994 (I.R.360/1994).

Rialacháin na gComhphobal Eorpach
(Fógraíocht Mhíthreorach) 1988 (I.R.134/1988).

Treoracha maidir le Fógraíocht Mhíthreorach
agus Chomparáideach – 84/450/EEC, 97/55/EC,
05/29/EC.

Rialacháin na gComhphobal Eorpach
(Ainmneacha agus Lipéadú Táirgí Teicstíleacha)
1998 (I.R. 245/1998).

Creat-Rialacháin na gComhphobal Eorpach
(Árachas Neamh-Shaoil) 1994 (I.R. 359/1994).

Rialacháin na gComhphobal Eorpach
(Riachtanais Praghsanna Táirgí a Thaispeáint)
2002 (I.R. 639/2002).

Rialacháin na gComhphobal Eorpach
(Iarmhair Lotnaidicídí) (Ábhair Beathúcháin)
1992 (I.R. 40/1992).

Rialacháin na gComhphobal Eorpach
(Protection of Consumers in Respect of Contracts
Made by Means of Distance Communications)
2001 (I.R. 207/2001).

Rialacháin na gComhphobal Eorpach
(Protection of Consumers in Respect of
Contracts Made by Means of Distance
Communications) (Leasú) 2005 (I.R. 71/2005).

Rialacháin na gComhphobal Eorpach
(Protection of Geographical Indication and
Designations of Origin for Agricultural Products
and Foodstuffs) 1995 agus 1999 (I.R. 148/1995,
I.R. 275/1999).

Rialacháin na gComhphobal Eorpach
(Protection of Geographical Indication and
Designations of Origin for Agricultural Products
and Foodstuffs) 1995 agus 1999 (I Rialacháin
na gComhphobal Eorpach (Craolacháin Teilifíse)
1999 (I.R. 258/1999).

Treoracha Eorpacha 89/552/EEC agus 97/36 EC
– Television Without Frontiers.

Rialacháin na gComhphobal Eorpach
(Undertakings for Collective Investments in
Transferable Securities) 2003 (I.R. 211/2003)
(mar atá leasaithe).

Rialacháin um Mhí-úsáid Margaidh
(Treoir 2003/71/EC) 2005 (I.R. 342/2005).

Rialacháin um Mhodhanna Cian-Chumarsáide
(Leasú) 2005 (I.R. 71/2005).

Rialacháin um Nimheanna (Rialú Iarmhairt i
mBia de Bhunús Ainmhíoch) 1985 agus 1986
(I.R. 257/85, I.R. 236/86).

Rialacháin um Réamheolairí (Treoir 1924/71/EC)
2005 (I.R. 324/2005).

Treoir 1924/2006 an Chomhphobail Eorpaigh
ar Éilimh i leith Cothú agus Sláinte a Dhéantar
maidir le Bia.

